Lúnasa 2026



# Plean Náisiúnta na nIonad Beaga Cóireála Fuíolluisce: Ag Tacú le Pobail agus ár dTimpeallacht Nádúrtha á Cosaint

Páipéar Saincheisteanna

# Clár ábhar


**1.1 Forléargas ..... 3**

**1.2 Réamhrá ..... 4**

1.2.1 Cúlra ..... 4

**1.3 Plean Náisiúnta na nIonad Beaga Cóireála Fuíolluisce: Ag Tacú le Pobail agus ár dTimpeallacht Nádúrtha á Cosaint ..... 6**

1.3.1 Príomhdhúshláin agus deiseanna d'ionaid bheaga cóireála fuíolluisce ..... 7

1.3.2 Aidhmeanna ..... 8

1.3.3 Conas a fhorbrófar an plean? ..... 9

**1.4 Comhthéacs Reachtach agus Beartais ..... 10**

1.4.1 Reachtaíocht maidir le Fuíolluisce Uirbeach ..... 10

1.4.2 An Chreat-treoir Uisce ..... 10

1.4.3 Plean Bainistíochta Abhantraí ..... 11

1.4.4 An Treoir maidir le Gnáthóga ..... 11

1.4.5 Plean Forbartha Náisiúnta 2025-2035 ..... 12

1.4.6 Ordlathas Pleananna Uisce Éireann ..... 12

**1.5 Obair go dtí seo ..... 14**

1.5.1 An Páipéar Saincheisteanna seo ..... 14


1.5.2 Cad atá ag tarlú anois? ..... 15

1.5.3 Conas trácht a dhéanamh ar an bPáipéar Saincheisteanna seo ..... 15

1.5.4 Na Chéad Chéimeanna eile ..... 16

1.5.5 Téarmaí Tagartha an Chomhairliúcháin ..... 16


**1.6 Conclúid ..... 19**

# 1.1 Forléargas

Is ionann ionaid chóireála fuíolluisce a fhreastalaíonn ar phobail bheaga agus cuid mhór de bhonneagar fuíolluisce na hÉireann. Tá Uisce Éireann ag forbairt *Plean Náisiúnta na nIonad Beaga Cóireála Fuíolluisce faoi láthair: Ag Tacú le Pobail agus ár dTimpeallacht Nádúrtha á Cosaint* chun feabhas a chur ar an gcaoi a gcuirtear seirbhísí fuíolluisce ar fáil agus a ndéantar iad a bhainistiú i bpobail bheaga ar fud na hÉireann sa mheántéarma agus san fhadtéarma. Forbróidh an Plean seo straitéis ar leibhéal náisiúnta chun a aithint cá háit a bhfuil uasghrádaithe ag teastáil agus cad iad na huasghrádaithe sin, conas ba cheart iad a mheasúnú, agus conas is féidir infheistíocht a dhíriú ar an áit a mbeidh an tairbhe is mó ag baint léi.

Tacaíodh *Plean Náisiúnta na nIonad Beaga Cóireála Fuíolluisce: Ag Tacú le Pobail agus ár dTimpeallacht Nádúrtha á Cosaint* le fás agus forbairt amach anseo ar thithe agus ar ghnólachtaí i bpobail bheaga, agus ár n-aibhneacha, ár lochanna agus ár n-uisce cósta á gcosaint ag an am céanna freisin.



# 1.2 Réamhrá

## 1.2.1 Cúlra

Tá sé de fhreagracht ar Uisce Éireann a chinntiú go bhfaighidh a chustaiméirí (teaghlaigh agus gnólachtaí) soláthar uisce sábháilte agus iontaofa agus go ndéanfar a gcuid fuíolluisce a bhailiú, a chóireáil i gceart agus a chur ar ais go sábháilte sa timpeallacht. Feidhmíonn Uisce Éireann líonra ionad cóireála fuíolluisce (ICFUnna)[1] ar fud na hÉireann agus tá sé freagrach freisin as an líonra séarachais poiblí a choinneáil ar bun. Tá difríochtaí i méid na n-ionad cóireála sin mar gheall ar mhéid agus ar dhaonra an limistéir ar a bhfreastalaíonn siad.

Téann infheistíocht i mbonneagar fuíolluisce chun tairbhe do phobail ar fud na tíre trí thacaíocht a thabhairt d'fhás agus d'fhorbairt, trí cháilíocht an uisce a fheabhsú agus tríd an timpeallacht a chosaint.

Ní mór don Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) údarú a thabhairt i leith scaoileadh fuíolluisce ó ionaid oibre fuíolluisce atá á n-oibriú ag Uisce Éireann. Is féidir leis an gceadú seo a bheith i bhfoirm clárúcháin scaoilte a fhreastalaíonn ar suas le 150 coibhéis daonra (CD), Teastas Údaraithe (CoA) a fhreastalaíonn ar dhaonraí faoi bhun 500 CD, nó Ceadúnas Scaoilte Fuíolluisce (CSFU) a fhreastalaíonn ar dhaonraí os cionn 500 CD.

Tá na próisis cheadaithe sin i bhfeidhm chun ár dtimpeallacht uisce a chosaint. Cinntítear leo go gcoinnítear smacht ar chothaithigh, ábhar orgánach agus truailleáin eile nó go gcuirtear cosc orthu dul isteach inár n-uiscí, i gcomhréir le caighdeáin chomhshaoil AE agus náisiúnta, rud a chuidíonn le truailliú a laghdú agus cáilíocht an uisce a chosaint.

Tá Uisce Éireann freagrach as os cionn 1,000 ICFU ar fud na hÉireann, agus is ICFUnna beaga iad thart ar 800 díobh sin a fhreastalaíonn ar phobail ina bhfuil níos lú ná 1,000 CD nó thart ar 350 teach.

**ICFUNNA BEAGA AR LÚ Á GCOIBHÉIS DAONRA (CD) NÁ 1000**

Freastalaíonn ionaid bheaga cóireála fuíolluisce ar choibhéis daonra (CD) de níos lú ná 1,000 — rud a chiallaíonn go gcóireálann siad an dramhaíl orgánach a tháirgeann níos lú ná 1,000 CD (nó suas le 350 teach).

**BRÚNNA SUNTASACHA**

Is éard is brúnna suntasacha ann brúnna a chruthaíonn stádas míshásúil dobharlaigh nó ar dóigh go gcruthóidh siad stádas míshásúil dobharlaigh agus dá bhrí sin ní mór bearta a dhéanamh chun tionchar/tionchair na mbrúnna sin a mhaolú. (Plean Gníomhaíochta Uisce 2024).

Is ionann ICFUnna beaga agus formhór na n-ionad cóireála fuíolluisce atá á n-oibriú ag Uisce Éireann de réir an lín, agus cé nach gcuimsítear iontu ach 4% den ualach cóireáilte iomlán, is féidir leo tionchair a imirt ar cháilíocht uisce áitiúil fós.Is gnách go n-eascraíonn na brúnna ar ár ndobharlaigh ó réimse earnálacha agus gníomhaíochtaí, lena n-áirítear an talmhaíocht (m.sh. rith chun srutha cothaitheach, caillteanas dríodair), scaoileadh fuíolluisce (córais uirbeacha agus tí araon), oibríochtaí foraoiseachta, athruithe hidreamoirfeolaíocha (amhail draenáil,

*[1] Tugtar Oibreacha Fuíolluisce laistigh de na Rialacháin um Scardadh Dramhuisce (Údarú) ar ICFUnna.*

modhnú cainéal, nó bacainní ar ghluaiseacht iasc), rith chun srutha uirbeach, agus astaíochtaí tionsclaíocha. Is céim ríthábhachtach i bpróiseas an Phlean Bainistíochta Abhantraí (PBA) é brúnna suntasacha a shainaithint, toisc go n-éascaíonn sé gníomhaíocht spriocdhírithe chun aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna fadhbanna maidir le cáilíocht an uisce.

Le hinfheistíocht leanúnach agus spriocdhírithe ó Uisce Éireann, táthar ag baint amach feabhsuithe soiléire agus intomhaiste ar cháilíocht an uisce ar fud na hÉireann, agus tá brúnna ó fhuíolluisce uirbeach (FUU) ag laghdú i gcónaí. Sa tríú PBA (2022–2027), aithnítear FUU mar bhrú suntasach i 197 dobharlach, lena n-áirítear 63 ceann díreach a bhaineann le ICFUnna. Is feabhas suntasach é sin ón PBA roimhe seo (2018-2021), i gcás ina raibh 293 dobharlach buailte, lena n-áirítear 130 a bhain le ICFUnna beaga. Tugtar chun suntais leis an treocht dhearfach sin éifeachtacht na hinfheistíochta agus na n-idirghabhálacha leanúnacha agus léirítear dul chun cinn láidir náisiúnta maidir le brúnna a bhaineann le fuíolluisce a laghdú agus cáilíocht an uisce a chosaint.

Is minic a bhíonn tionscadail uasghrádaithe le haghaidh ICFUnna i bpobail bheaga casta, agus dá bhrí sin thar a bheith costasach, i bhfianaise na ndaonraí a bhfreastalaítear orthu. Is gnách go ndéantar réitigh a dhearadh láithreán le láithreán, nach é sin an cur chuige is éifeachtaí i gcónaí, mar go mbíonn dúshláin chomhchosúla roimh go leor tionscadal a d'fhéadfadh bac a chur ar dhearadh agus ar thógáil tionscadail. Ar an meán, d'fhéadfadh 5-7 mbliana a bheith i gceist le tionscadail uasghrádaithe ICFU a chríochnú. Tá gá le plean náisiúnta chun bealach níos soiléire, níos comhsheasmhaí a sholáthar chun na háiteanna ina bhfuil gá le huasghráduithe agus conas ba chóir infheistíocht a chur in ord tosaíochta a shainaithin, ionas gur féidir le hUisce Éireann tacú le pobail agus an timpeallacht a chosaint ar bhealach níos éifeachtúla.

Is é is aidhm don Pháipéar Saincheisteanna seo cuidiú leis an bpobal agus le páirtithe leasmhara eile ar suim leo an scéal an fáth a bhfuil Uisce Éireann ag ullmhú Plean Náisiúnta ICFUnna beaga a thuiscint. Mínítear comhthéacs na hoibre sin ann, leagtar amach na príomhdhúshláin agus na deiseanna gaolmhara a chuirtear i láthair sa Phlean chun aghaidh a thabhairt orthu, agus déantar cur síos ar an bpróiseas atá á leanúint chun an Plean a fhorbairt. Iarrtar aiseolas ann freisin chun cuidiú le bonn eolais a chur faoin gcéad chéim eile den obair, lena n-áirítear na measúnachtaí timpeallachta a thacóidh leis an bPlean.

Tá an obair sin tábhachtach toisc go bhfuil ról tábhachtach ag ICFUnna i dtaca le tacú leis an ngnáthshaol laethúil i gceantair ar fud na hÉireann. I gcás nach bhfuil an acmhainn is gá ag na córais sin, nó ina bhfuil siad ag cur isteach ar uiscí áitiúla, is féidir leis sin dúshláin a chruthú do thithe agus do ghnólachtaí, do scoileanna, do shaoráidí sláinte agus do sheirbhísí pobail eile atá ann cheana agus d'fhéadfadh sé moill a chur ar fhorbairtí nua tithíochta nó iad a chosc fiú. Cuideoidh cur chuige náisiúnta soiléir le hUisce Éireann uasghráduithe a phleanáil ar bhealach níos éifeachtaí, níos mó deimhneachta a sholáthar do phobail, tacú le fás inbhuanaithe agus aibhneacha, lochanna, inbhir agus uiscí cósta a chosaint ar bhealach níos fearr.




# 1.3 Plean Náisiúnta na nIonad Beaga Cóireála Fuíolluisce: Ag Tacú le Pobail agus ár dTimpeallacht Nádúrtha á Cosaint

Tógadh cuid mhór de bhonneagar uisce reatha na hÉireann chun freastal ar dhaonra scaipthe i bhfad níos lú. Mar thoradh air sin, níor **leathnaíodh** an bonneagar fuíolluisce atá ann cheana (go háirithe i gceantair thuaithe) chun coinneáil suas le leibhéal fáis an daonra sa tír. Ina theannta sin, tá **tearcinfheistíocht** in ICFUnna a fhreastalaíonn ar phobail bheaga ann le fada an lá agus is féidir leis sin a bheith ina chúis le luathú dul in aois bonneagair nach féidir leis coinneáil suas le rialacháin nua nó fás daonra.

Tá **athghiniúint tuaithe,** mar a leagtar amach sa Chreat Náisiúnta Pleanála, ag cruthú deiseanna nua le haghaidh tithíochta agus fás pobal ar fud na hÉireann. De réir mar a leathnóidh na ceantair sin, ní mór níos mó fuíolluisce a bhailiú, a chóireáil agus a chur ar ais go sábháilte sa timpeallacht. Tá Uisce Éireann ag tacú leis an bhfás sin trí líonra leathan ICFUnna a choinneáil ar bun agus a uasghrádú i bpobail tuaithe. Oibrítear na hionaid i réimse timpeallachtaí áitiúla, agus táimid ag leanúint le hinfheistiú a dhéanamh iontu lena chinntiú gur féidir leo tacú le forbairt inbhuanaithe agus cáilíocht an uisce á cosaint.

Tá Uisce Éireann ag forbairt **plean náisiúnta** chun treoir a thabhairt maidir le conas a dhéanfar **ionaid chóireála fuíolluisce (ICFUnna) a fhreastalaíonn ar phobail bheaga (ar lú a gcoibhéis daonra ná 1000)** a phleanáil, a mheasúnú agus a bhainistiú amach anseo.



### 1.3.1 Príomhdhúshláin agus deiseanna d'ionaid bheaga cóireála fuíolluisce

Mar gheall ar an gcur chuige reatha maidir le hionaid bheaga cóireála fuíolluisce (ICFUnna) a phleanáil, a uasghrádú agus a rialáil, tá roinnt dúshlán sistéamacha ann lena gcuirtear teorainn le héifeachtúlacht, lena gcuirtear moill ar sheachadadh agus lena gcuirtear srian ar fhorbairt. Cé gur ionaid bheaga iad seo ina n-aonar agus gurb ionann iad agus 4% den ualach iomlán a bhailítear ar leibhéal náisiúnta, is cuid shuntasach den bhonneagar náisiúnta iad le chéile (is é sin, dhá thrian); ní mór iad a mheasúnú agus, más gá, iad a nuachóiriú chun caighdeáin chomhshaoil a chomhlíonadh agus tacú le fás an daonra. Leagtar amach sa chuid seo a leanas na príomhdhúshláin ar féidir aghaidh a thabhairt orthu trí shraith deiseanna a chuireann an Plean seo ar fáil, d'fhonn cur chuige níos straitéisí, níos éifeachtúla agus níos inscálaithe a chumasú maidir le huasghrádú a dhéanamh ar ICFUnna beaga sa mheántéarma agus san fhadtéarma.

#### Dúshlán 1: Neamhéifeachtúlachtaí ó Chuir Chuige Deartha Shaincheaptha

Go stairiúil, rinneadh uasghráduithe ar ICFUnna ar bhonn láithreán ar láithreán, agus forbraíodh réitigh innealtóireachta shaincheaptha chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna ar leith. Cé gur féidir leis an gcur chuige sin freagairt go héifeachtach do dhúshláin áitiúla, tá neamhéifeachtúlachtaí tagtha chun cinn mar gheall air ar fud an bhoinn sócmhainní ar fad agus fadhbanna comhchosúla á réiteach arís agus arís eile ón tús.

**Deiseanna:**

- Chun srianta comhshaoil agus seachadta a shainaithint go luath, rud a laghdóidh riosca ag céim an tionscadail; agus
- Chun úsáid a bhaint as dearaí agus sonraíochtaí caighdeánacha agus as samhlacha seachadta in-athdhéanta, rud a laghdaíonn an spleáchas ar réitigh a bhaineann go sonrach le tionscadail.

#### Dúshlán 2: Achair Ama Údaraithe Neamh-inbhuanaithe

Baineann srian suntasach leis na próisis reatha rialála agus údaraithe chun ICFUnna beaga a uasghrádú. Níl an luas mall sin inbhuanaithe agus cruthaítear leis bac mór maidir le feabhsuithe riachtanacha bonneagair a chur i gcrích. Teastaíonn go leor ama agus iarrachta chun iarratais iomlána a chur chun cinn do láithreáin bheaga iomadúla, agus dá bhrí sin, cuireann sé sin seachadadh tionscadal ríthábhachtach eile i mbaol. Léiríodh na saincheisteanna sin le déanaí in obair an rialtais ar "Thuarascáil agus Plean Gníomhaíochta um Bonneagar a Luathú[2]" , i gcás ina n-iarrtar le Gníomh 11 ar leith 'Próisis athchóirithe a chur i bhfeidhm maidir le bonneagar criticiúil laistigh de ghníomhaireachtaí/rialtóirí'.

**Deis:**

- Agus féidearthacht ann maidir le foráil simplithe i Rialacháin WWDA do gach ionad cóireála fuíolluisce (ICFU) a bhfuil acmhainn níos lú ná 1,000 CD aige, rachaidh Uisce Éireann i dteagmháil leis an Roinn Tithíochta, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil (RTRÁO) maidir le tuilleadh leasaithe rialála. Déanfaidh Uisce Éireann scrúdú breise go háirithe ar an bhféidearthacht go bhféadfaí an próiseas measúnaithe comhshaoil a athrú ó chur chuige láithreán ar láithreán den chuid is mó go samhail mheasúnaithe chéimnithe atá bunaithe ar riosca, samhail a dhíríonn iarrachtaí rialála ar shuíomhanna ina bhfuil riosca níos airde ann go mbeadh tionchar ar an gcomhshaol.

#### Dúshlán 3: Tearcinfheistíocht Stairiúil

Tá thart ar 800 ICFU beag ar fud na tíre nár cuireadh san áireamh go stairiúil i bpleanáil straitéiseach ná i dtosaíochtaí infheistíochta. Mar thoradh air seo, tá riaráiste carntha suntasach de ICFUnna ann atá ag streachailt leis an lód orgánach a tháirgtear a chóireáil, agus tá sé casta iad a bhainistiú agus tá siad dian ar acmhainní lena réiteach.

**Deis:**

- Chun seachadadh uasghráduithe ar ICFUnna beaga a bhrostú i gcás ina meastar go bhfuil dearadh caighdeánach oiriúnach.

#### Dúshlán 4: Éagothroime in Ord Tosaíochta Infheistíochtaí

In ainneoin go bhfuil líon mór ICFUnna beaga ann, tá tosaíocht tugtha do ICFUnna móra i gcónaí i gcomparáid le ICFUnna beaga. Ní hionadh ar bith é gur dhírigh cinntí infheistíochta ar shócmhainní a raibh an tionchar foriomlán is mó acu. Mar thoradh air sin, is minic a chuirtear

[2] Accelerating_Infrastructure_Report_and_Action_Plan.pdf

moill ar fheabhsuithe ríthábhachtacha ag láithreáin níos lú nó go gcuirtear siar iad, rud a d'fhéadfadh srian a chur le forbairt áitiúil, fás tithíochta a theorannú, agus an riosca nach gcomhlíonfar rialacháin chomhshaoil a mhéadú le himeacht ama.

**Deiseanna:**

- Chun tacú le hinfheistíocht níos tráthúla in ICFUnna beaga ar fud na tíre, rud a chumasóidh cosaint agus feabhsú níos fearr a dhéanamh ar an dtimpeallacht uisce; agus
- Chun an rannpháirtíocht agus an comhoibriú le rialtóirí, údaráis áitiúla, pobail agus ionadaithe tofa a neartú.

### 1.3.2 Aidhmeanna

Sa Phlean Náisiúnta maidir le hIonaid Bheaga Cóireála Fuíolluisce: Ag Tacú lenár bPobail agus ár dTimpeallacht Nádúrtha á Cosaint, leagtar amach cur chuige náisiúnta maidir le ICFUnna a fheabhsú i bpobail níos lú. Is é an cuspóir atá leis bealach níos soiléire agus níos comhsheasmhaí a sholáthar chun na háiteanna ina bhfuil gá le huasghráduithe, conas ba chóir iad a mheasúnú, agus conas is féidir infheistíocht a dhíriú san áit a mbeidh an tairbhe is mó a shainaithint.

Trí aghaidh a thabhairt ar dhúshláin choiteanna níos luaithe agus ar an leibhéal náisiúnta, a bhuí leis an bPlean, beifear ábalta cuidiú le moilleanna a laghdú, trédhearcacht a fheabhsú agus deimhneacht níos mó a sholáthar do phobail, d'údaráis áitiúla agus do rialtóirí. Is féidir leis sin tairbhí a sholáthar amhail tacú le pleanáil níos fearr do thithe nua, scoileanna, saoráidí sláinte agus gnólachtaí áitiúla, agus feabhas á chur ar thorthaí comhshaoil trí chuidiú le cáilíocht an uisce a chosaint, truailliú a théann isteach in aibhneacha, i lochanna, in inbhir agus in uiscí cósta a laghdú, agus gnáthóga íogaire agus limistéir faoi chosaint a chosaint.

Leis an bPlean Náisiúnta maidir le hIonaid Bheaga Cóireála Fuíolluisce: Ag Tacú lenár bPobail agus ár dTimpeallacht Nádúrtha á Cosaint, tacófar freisin le measúnacht timpeallachta agus comhairliúchán lena chinntiú go mbeidh cosaint na timpeallachta cuimsithe sa Phlean ón tús. Tugtar **Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (MST)** air sin. Ceanglaítear é sin faoi dhlí na hEorpa agus na hÉireann agus is cuid é den iarracht a chinntiú go gcuimseofar cosaint na timpeallachta sa phlean ón tús. Chomh maith le MST, tá Measúnacht Chuí (MC) ag teastáil freisin. Measúnú eolaíoch agus dlíthiúil is ea MC a cheanglaítear faoi Threoir an AE maidir le Gnáthóga. Déanfar measúnú leis an mbeidh tionchar diúltach ag ár bplean atá beartaithe ar shláine láithreán caomhantais Eorpach atá faoi chosaint, ar a dtugtar láithreáin Natura 2000 (Limistéir Chaomhantais Speisialta agus Limistéir faoi Chosaint Speisialta).

**PLEANÁIL**

Pleanálann Uisce Éireann seirbhísí fuíolluisce laistigh de chreat náisiúnta atá ag teacht le reachtaíocht an Aontais agus na hÉireann, le beartas náisiúnta, agus le pleananna straitéiseacha fadtéarmacha. Treoraítear leis na creataí sin an dóigh a ndéantar measúnú ar bhonneagar, a dtugtar tosaíocht dó agus a seachadtar é.

Tá rannpháirtíocht ina cuid lárnach den phróiseas sin. Tugann Uisce Éireann faoi chomhairliúchán poiblí reachtúil, lena n-áirítear na próisis MST agus MC, agus soláthraíonn sé deiseanna le haghaidh ionchuir ag céimeanna tábhachtacha d'fhorbairt plean.

Mar aon leis sin, glactar le cur chuige pleanála chun cinn — trí oibriú go luath agus go réamhghníomhach le páirtithe leasmhara chun saincheisteanna a shainaithint, aiseolas a chuimsiú, agus a chinntiú go bhfuil na pleananna eolasach, trédhearcach

### 1.3.3 Conas a fhorbrófar an plean?

Forbrófar an Plean trí úsáid a bhaint as faisnéis faoin gcaoi atá ICFUnna beaga ag feidhmiú faoi láthair, an acmhainn atá ar fáil acu, an fás atá beartaithe don todhchaí, bail na n-aibhneacha, na lochanna, na n-inbhear nó na n-uiscí cósta ina nglactar a scaoileadh, agus na cuspóirí comhshaoil a bhaineann leis na huiscí glactha sin. Cuideoidh sé sin le cá háit a dtagann fadhbanna chun cinn, amhail iad siúd atá sainaitheanta i liosta réimsí tosaíochta an GCC , ina bhféadfadh uasghrádaithe nó aistrithe a bheith ag teastáil, agus ina bhféadfadh infheistíocht an tairbhe is mó a bhaint amach do phobail agus don chomhshaol agus tionscadail atá ar siúl á gcur san áireamh.

Forbrófar An Plean Náisiúnta maidir le hIonaid Bheaga Cóireála Fuíolluisce: Ag Tacú lenár bPobail agus ár dTimpeallacht Nádúrtha á Cosaint i gcomhréir le dlí comhshaoil na hÉireann agus na hEorpa, lena n-áirítear ceanglais atá ceaptha chun cáilíocht an uisce, gnáthóga agus fiadhúlra a chosaint. Cuideoidh sé sin lena chinntiú go dtacóidh an Plean le cuspóirí comhshaoil náisiúnta agus idirnáisiúnta agus bunús níos soiléire agus níos comhsheasmhaí le haghaidh uasghráduithe amach anseo ar ICFUnna á sholáthar.



# 1.4 Comhthéacs Reachtach agus Beartais

## 1.4.1 Reachtaíocht maidir le Fuíolluisce Uirbeach

Tá tionchar á imirt ag Treoir an Aontais maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh (Treoir CFUU) ar bheartas fuíolluisce ar fud na hEorpa ar feadh níos mó ná 30 bliain, ag díriú go príomha ar bhailiú agus cóireáil fuíolluisce ó bhailte, ó chathracha agus ón tionscal. Tógann an Treoir athmhúnlaithe, a tugadh cothrom le dáta in 2024, air sin trí bhéim níos mó a chur ar shláinte an duine agus ar inbhuanaitheacht freisin. Tá sé de dhualgas dlíthiúil ar na Ballstáit an reachtaíocht sin a thrasuí ina dlí náisiúnta faoi mhí Iúil 2027. Cé go bhféadfadh sé nach dtiocfaidh na treoracha nuashonraithe i bhfeidhm sula gcuirfear an plean sin i gcrích, déanfaidh an fhoireann tionscadail boinn tuisceana feasacha bunaithe ar an Treoir nua. Déanfar athbhreithniú ar an bPlean deiridh ar bhonn tréimhsiúil lena chinntiú go gcomhlíonann sé oibleagáidí na hÉireann faoin treoir athbhreithnithe. Agus measúnú á dhéanamh ar na huasghráduithe a d'fhéadfadh a bheith de dhíth ag ICFUnna, glacfar leis an "cur chuige comhcheangailte" sa phlean. Is ceanglas i rialacháin um sceitheadh fuíolluisce (údarú) na hÉireann an cur chuige sin.

Ciallaíonn sé sin go gcaithfear breathnú ar dhá rud le chéile: na caighdeáin atá le comhlíonadh ag ICFUnna, agus bail agus riachtanais an dobharlaigh a ghlacann an scaoileadh. Más gá, beidh feidhm ag an gcaighdeán níos doichte. Cuidíonn sé sin lena chinntiú go gcosnóidh réitigh uasghrádaithe uiscí áitiúla, go dtacóidh siad le spriocanna comhshaoil agus go mbeidh siad oiriúnaithe do dhálaí áitiúla.

## 1.4.2 An Chreat-treoir Uisce

Bunaítear leis an gCreat-treoir Uisce (CTU) cur chuige bunaithe ar abhantracha maidir le cosaint, feabhsú agus úsáid inbhuanaithe aibhneacha, lochanna, uiscí trasdultacha (inbhir), uiscí cósta agus screamhuisce. Glactar an prionsabal 'íocadh an truaillitheoir' leis agus comhtháthaítear ann ceanglais roinnt treoracha eile de chuid an Aontais maidir leis an timpeallacht uisce a chosaint. Tá sé mar aidhm leis cur chuige iomlánaíoch a fhorbairt i leith úsáid inbhuanaithe uisce, rud a fhaigheann cothromaíocht idir tosca sóisialta agus eacnamaíocha agus an gá ár dtimpeallacht a chosaint agus a fheabhsú.

Cuirtear an CTU chun feidhme trí PBAnna a lena ndéantar measúnú ar stádas reatha dobharlach intíre agus cósta agus ina leagtar amach pleananna agus Clár Beart chun stádas "Maith" ar a laghad agus na cuspóirí atá leagtha síos do gach dobharlach a bhaint amach.

### CUR CHUIGE BUNAITHE AR ABHANTRACHA

Ciallaíonn cur chuige bunaithe ar abhantracha measúnú a dhéanamh ar cháilíocht an uisce ar fud an limistéir iomláin a dhraenálann isteach in abhainn, loch, inbhear nó uisce cósta. Cuidíonn sé sin leis na brúnna éagsúla ar fad a théann i gcion ar an dobharlach sin a shainaithint, ionas gur féidir réitigh a dhíriú ar na háiteanna is mó.

Is iad príomhchuspóirí Uisce Éireann i ndáil le CTU bearta a chur chun feidhme chun tionchar ár scaoilte agus ár n-astarraingtí fuíolluisce a laghdú. I gcás inar scaoileadh fuíolluisce uirbigh an t-aon bhrú suntasach a théann i gcion ar dhobharlach, ba cheart go gcinnteofaí le comhlíonadh a gceanglas TÚ agus ceadúnais faoi seach go mbainfidh an dobharlach a chuspóirí comhshaoil sannta amach.

Tá Plean Náisiúnta na nIonad Beaga Cóireála Uisce: Ag Tacú lenár bPobail agus ár dTimpeallacht Nádúrtha á Cosaint, comhsheasmhach dá bhrí sin le haidhmeanna na Creat-Treorach Uisce toisc go dtabharfar aghaidh go díreach leis ar ICFUnna beaga ar brúnna suntasacha iad a théann i gcion ar a ndobharlaigh ghlactha trí phlean a fhorbairt chun uasghráduithe ar na ICFUnna sin a chuíchóiriú.

### 1.4.3 Plean Bainistíochta Abhantraí

I dtríú Plean Gníomhaíochta Uisce (PGU) PBA na hÉireann 2024[3], sainaithníodh roinnt beart atá le cur chun cinn ag Uisce Éireann le linn shaolré an Phlean. Cuideoidh forbairt Phlean Náisiúnta na nIonad Beaga Cóireála Fuíolluisce: Tacú le Pobail agus ár dTimpeallacht Nádúrtha á Cosaint, lena n-áirítear an Mhodheolaíocht Measúnachta Timpeallachta (MMT), le roinnt acu sin a bhaint amach. As thart ar 800 ICFU beag, sainaithníodh thart ar 72 ceann mar thionscadail a chuirfeadh brú suntasach orthu, agus tá próiseas seanbhunaithe ann chun tionscadail a chur chun cinn chun aghaidh a thabhairt ar na cinn atá faoi lánseol. Ní brúnna suntasacha iad an 678 nó mar sin atá fágtha a chruthaíonn tionchar ar leibhéal na ndobharlach ach tá dúshláin éagsúla i gceist maidir le comhlíonadh, ró-ualach agus riosca seirbhíse nach mór aghaidh a thabhairt orthu chun na dobharlaigh ina n-scaoiltear iad a chosaint. Mar sin, cuideoidh Plean Náisiúnta na nIonad Beaga Cóireála Fuíolluisce: Ag Tacú lenár bPobail agus ár dTimpeallacht Nádúrtha á CosaintAg Tacú lenár bPobail agus ár dTimpeallacht Nádúrtha á Cosaint, le príomhchuspóir an PBA a bhaint amach, is é sin 'na bearta cearta a dhíriú sna háiteanna cearta chun na dobharlaigh ar fad a athbhunú agus a chosaint'. Tá forbairt an cheathrú timthriall den Phlean Gníomhaíochta Uisce faoi bhealach agus tá sé beartaithe go bhfoilseofar é i mí na Nollag 2027.

**MODHEOLAÍOCHT MEASÚNACHT TIMPEALLACHTA (MMT)**

Leagfar amach in MMT an próiseas céim ar chéim (le húdar comhshaoil) a leanfar laistigh den Phlean chun na riachtanais uasghrádaithe do gach ICFU beag a dhearbhú chun freastal ar chaighdeáin chomhshaoil agus ar fhás amach anseo.

### 1.4.4 An Treoir maidir le Gnáthóga

Cuireadh oibleagáid leis an Treoir maidir le Gnáthóga (92/43/CEE) ar gach Ballstát AE líonra Natura 2000 a bhunú agus ceanglaítear léi gnáthóga agus speicis shainithe a chosaint. Tá an líonra comhdhéanta de Limistéir Chaomhnantais Speisialta (LSC (Caomhnú)) agus de Limistéir faoi Cosaint Speisialta (LSC (Cosaint)) a bunaíodh faoi Threoir an Aontais maidir le hÉin (2009/147/CEE). Rinneadh na Treoracha a thrasuíomh i rialacháin náisiúnta na hÉireann agus rinneadh iad a athbhreithniú agus a chomhdhlúthú ina dhiaidh sin i Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha) 2011.

Ainmnítear LSCanna (Caomhnú) chun gnáthóga Iarscríbhinn I (lena n-áirítear cineálacha tosaíochta atá i mbaol a n-imeartha) agus speicis Iarscríbhinn II (seachas éin) a chaomhnú. Ainmnítear LCSanna (Cosaint) le haghaidh éin Iarscríbhinn I agus éin imirceacha eile a bhíonn ann go rialta agus na gnáthóga dá gcuid a chaomhnú. D'fhéadfadh tionchar a bheith ag sceitheadh fuíolluisce ar roinnt de na gnáthóga agus speicis sin, go háirithe na cinn a bhraitheann ar uisce. Le hAirteagal 6 den Treoir maidir le Gnáthóga, ceanglaítear ar na ballstáit bearta caomhnaithe riachtanacha a bhunú chun láithreáin a chosaint agus bearta cuí a dhéanamh chun meath gnáthóg agus speiceas nádúrtha a sheachaint (nó iad a athbhunú).

Mar údarás poiblí, tá dualgais ar Uisce Éireann faoi na rialacháin sin "na bearta cuí a dhéanamh chun meath gnáthóg nádúrtha agus gnáthóg speiceas chomh maith le cur isteach ar speicis a bhfuil na limistéir ainmnithe ina leith a sheachaint i Láithreáin Eorpacha a mhéid a d'fhéadfadh cur isteach dá leithéid a bheith suntasach i dtaca le cuspóirí na Treorach maidir le Gnáthóga."

[3] https://www.water.ie/projects/strategic-plans/urban-wastewater-sectoral-action-plan

Tá *Plean Náisiúnta na nIonad Beaga Cóireála Fuíolluisce: Ag Tacú le Pobail agus ár dTimpeallacht Nádúrtha á Cosaint* i gcomhréir le dualgais Uisce Éireann maidir leis an Treoir maidir le Gnáthóga toisc go ndéanfar measúnú ar íogaireacht an riosca don timpeallacht ghlactha i gcás gach ICFU beag laistigh den MMT lena chinntiú nach gcuirfear cuspóirí caomhnaithe gnáthóg nó speiceas faoi chosaint i mbaol mar thoradh ar aon oibreacha uasghrádaithe atá beartaithe.

### 1.4.5 Plean Forbartha Náisiúnta 2025-2035

Leagtar amach sa Phlean Forbartha Náisiúnta conas a chaithfear an infheistíocht is mó riamh de €11.7 billiún don earnáil uisce agus fuíolluisce thar na 5 bliana atá romhainn chun spriocanna nua tithíochta a bhaint amach. Leis na leibhéil infheistíochta is mó riamh, sholáthair an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin an Tuarascáil agus an Plean Gníomhaíochta um Bonneagar a Luathú i mí na Nollag 2025, ina leagtar amach fís náisiúnta don athchóiriú bunathraitheach chun bonneagar criticiúil a sheachadadh in Éirinn.

### 1.4.6 Ordlathas Pleananna Uisce Éireann

#### Treoir Straitéiseach (PSSU)

Leagtar amach i bPlean Straitéiseach um Sheirbhísí Uisce 2050 (PSSU) Uisce Éireann an treo fadtéarmach do sheirbhísí fuíolluisce in Éirinn. Is iad a chuspóirí an timpeallacht a chosaint agus a athchóiriú, tacú le pobail agus leis an ngeilleagar, agus a chinntiú go mbeidh na seirbhísí inbhuanaithe i gcónaí san am atá ag teacht.

Baintear na cuspóirí sin amach trí phleananna cur chun feidhme, lena dtreoraítear conas a dhéantar seirbhísí fuíolluisce a bhainistiú ó lá go lá — lena n-áirítear cóireáil thart ar 1.2 billiún lítear fuíolluisce agus oibriú os cionn 26,000 km de líonra séarachais.

#### Plean Náisiúnta Fuíolluisce agus Draenála (PNFUD)

Tá an Plean Náisiúnta Fuíolluisce agus Draenála (PNFUD) á fhorbairt faoi láthair agus soláthrófar leis creat fadtéarmach córais iomláin do sheirbhísí fuíolluisce ar fud na hÉireann.

#### Seachadadh Infheistíochta (Plean Maoinithe Straitéisigh)

Déantar infheistíocht i seirbhísí fuíolluisce a sheachadadh tríd an bPlean Maoinithe Straitéisigh (PMS), ina leagtar amach na bearta agus na socruithe maoinithe thar thréimhse cúig bliana.


Clúdaítear sa PMS reatha na blianta 2025 go 2029 agus tá sé faofa ag an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

#### Cur Chuige Spriocdhírithe do ICFUnna Beaga

Tá *Plean Náisiúnta na nIonad Beaga Cóireála Fuíolluisce: Ag Tacú le Pobail agus ár dTimpeallacht Nádúrtha á Cosaint* suite laistigh den chreat níos leithne sin, ach díríonn sé go sonrach ar ionaid bheaga.

Aithnítear leis go bhfuil dúshláin ar leith roimh ICFUnna beaga i dtéarmaí scála, próifíl riosca agus seachadta, agus soláthraítear leis cur chuige níos spriocdhírithe agus níos praiticiúla chun freastal ar riachtanais phobail níos lú.




An Creat Inbhuanaitheachta
LEIBHÉAL 1
Plean Straitéiseach um Sheirbhísí Uisce 2050
LEIBHÉAL 2
Pleananna Straitéiseacha agus Straitéisí Tacúla
m.sh. an Plean Náisiúnta um Acmhainní Uisce (PNAU),
Plean Náisiúnta Bithacmhainní, Straitéis um Maolú ar an Athrú Aeráide,
Straitéis Bainistíochta Dramhaíola,
Straitéisí Fuíolluisce Cathrach (m.sh. Corcaigh agus Gaillimh)
LEIBHÉAL 3
Cinnteoireacht bunaithe ar Riosca/ar Luach
Plean Infheistíochta
Plean Oibríochtaí agus Cothabhála
Pleananna Bainistíochta Sócmhainní
An áit a gcuirtear ar siúl é: Tionscadail agus Cláir
m.sh. Tionscadal Soláthair Uisce, Draenáil Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath
Sonraí agus Faisnéis
• Tionscadal Éireann 2040
• Straitéisí Spásúla agus Eacnamaíocha Réigiúnacha
• Pleananna Forbartha Cathrach agus Contae
• Pleananna Áitiúla Eacnamaíocha agus Pobail
• Pleananna Ceantair Áitiúil
• Pleananna Bainistíochta Abhantraí
• Ráiteas Beartais um Sheirbhísí Uisce
• Straitéis Náisiúnta um Oiriúnú
• Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide
• Plean Oiriúnaithe Earnála maidir le Cáilíocht an Uisce agus Seirbhísí Uisce
• Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht
• Straitéisí Contae um Oiriúnú don Aeráid
• Plean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Contae

# 1.5 Obair go dtí seo

## 1.5.1 An Páipéar Saincheisteanna seo

Ullmhaíodh an Páipéar Saincheisteanna seo chun cuidiú leis an bpobal agus le páirtithe leasmhara eile ar suim leo an scéal an fáth a bhfuil Plean Náisiúnta na nIonad Beaga Cóireála Fuíolluisce: Ag Tacú lenár bPobail agus ár dTimpeallacht Nádúrtha á Cosaint á fhorbairt ag Uisce Éireann. Mínítear leis comhthéacs na hoibre sin, leagtar amach na príomhdhúshláin agus na príomhdheiseanna atá i gceist, agus leagtar amach an próiseas atá á leanúint chun an Plean a fhorbairt.

Mínítear sa pháipéar freisin an dóigh a bhfuil obair na measúnachtaí timpeallachta atá riachtanach chun tacú leis an bPlean á hullmhú ag Uisce Éireann, lena n-áirítear Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (MST), Measúnacht Chuí (MC) agus Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (MMT). Cuideoidh na measúnachtaí sin lena chinntiú go gcuirfear bonn eolais faoin bPlean le fianaise thimpeallachta, go mbeidh sé ag teacht le ceanglais dhlíthiúla agus go dtacóidh sé le forbairt inbhuanaithe.

Tá Uisce Éireann ag lorg aiseolais anois maidir leis an bPáipéar Saincheisteanna seo, agus maidir leis an Tuarascáil Scóipe MST agus Tuarascáil um Scagadh MC. Tá sé mar aidhm leis an gcomhairliúchán sin cuidiú le tionchar a imirt ar an gcéad chéim eile den obair trí aon saincheisteanna, deiseanna nó cúinsí breise ba cheart a chur san áireamh agus an Plean Náisiúnta agus na tuarascálacha timpeallachta tacaíochta á bhforbairt a shainaithint.

Beidh comhairliúchán poiblí ar siúl ar feadh 8 seachtaine ón 25ú Lúnasa 2026 go dtí an 20ú Deireadh Fómhair 2026, agus le linn na tréimhse sin beidh na doiciméid chomhairliúcháin ar fáil ag www.water.ie/smallcommunitiesww áit a mbeifear in ann féachaint orthu agus iad a íoslódáil.



### 1.5.2 Cad atá ag tarlú anois?

**Phlean Náisiúnta na nIonad Beag Cóireála Fuíolluisce: Ag Tacú lenár bPobail agus ár dTimpeallacht Nádúrtha á Cosaint**




**Lúnasa 2026**
**Páipéar Saincheisteanna**

- Páipéar Saincheisteanna ina mínítear na dúshláin
- Cuireadh le haghaidh tuairimí luatha/ Níl aon chinneadh déanta
- Comhairliúchán ar:
  - Páipéar Saincheisteanna
  - Tuarascáil Scóipe um Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta
  - Tuarascáil um Scagadh MC

**Go Luath i 2027**
**Dréachtphlean agus Measúnachtaí Timpeallachta**

- Páipéar Saincheisteanna
- Tuarascáil Scóipe um Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta.
- Tuarascáil um Scagadh MC

**Márta 2027**
**Comhairliúchán Poiblí**

- Comhairliúchán poiblí ar an Dréachtphlean agus an dréacht-Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta agus an dréacht-Athbhreithniú ar Chosaint an Dúlra.
- Athbhreithnigh na haighneachtaí comhairliúcháin a fuarthas.

**Samhradh 2027**
**Straitéis Phlean Foilsithe**

- Plean Deiridh Glactha
- Cosaint an Chomhshaoil
- Creat Soiléir

*Amlíne Tháscach*

### 1.5.3 Conas trácht a dhéanamh ar an bPáipéar Saincheisteanna seo

Is féidir leat aighneacht a dhéanamh maidir leis an bPáipéar Saincheisteanna seo ar an ríomhphost nó tríd an bpost sula ndúnfaidh an comhairliúchán. Tá sonraí maidir leis dáta deiridh agus leis an seoladh poist ar fáil san fhaisnéis chomhairliúcháin don doiciméad seo.

**Ríomhphost:** smallcommunitiesww@water.ie

**Post:** Plean Náisiúnta na nIonad Beaga Cóireála Fuíolluisce, Ionad Gnó an Chiste Fiontraíochta, Baile Raithin, Leitir Ceanainn, Contae Dhún na nGall, F92 AF43

Tá sé beartaithe leis na ceisteanna comhairliúcháin cuidiú le freagraí a threorú, ach tá fáilte romhat tuairim a thabhairt ar aon ghné den Pháipéar Saincheisteanna, den Tuarascáil Scóipe MST nó den Tuarascáil um Scagadh MC a mheasann tú a bheith tábhachtach.

Soláthraítear téarmaí tagartha an chomhairliúcháin agus na ceisteanna treorach thíos chun tacú le haiseolas eolasach agus chun aird a tharraingt ar na príomhthéamaí a mbeadh Uisce Éireann an-sásta tuairimí a fháil ina leith.

Déanfar athbhreithniú ar na haighneachtaí uile a gheofar le linn an chomhairliúcháin agus breithneofar iad mar na tuarascálacha timpeallachta agus dréacht-Phlean Náisiúnta na nIonad Beag Cóireála Fuíolluisce: Ag Tacú lenár bPobail agus ár dTimpeallacht Nádúrtha á Cosaint á n-ullmhú. Déanfar aiseolas ó dhaoine aonair a thuairisciú go hanaithnid agus luafar aighneachtaí ó eagraíochtaí leo.

### 1.5.4 Na Chéad Chéimeanna eile

Nuair a bheidh an tréimhse chomhairliúcháin thart, déanfaidh Uisce Éireann athbhreithniú ar an aiseolas a fuarthas agus úsáidfidh sé é chun bonn eolais a chur faoin gcéad chéim eile den obair. Áireofar leis sin na tuarascálacha timpeallachta agus ullmhú an dréacht-Phlean Náisiúnta a fhorbairt tuilleadh. Meastar go bhfoilseofar *Plean Náisiúnta na nIonad Beaga Cóireála Fuíolluisce: Ag Tacú le Pobail agus ár dTimpeallacht Nádúrtha á Cosaint* in Earrach 2027.

### 1.5.5 Téarmaí Tagartha an Chomhairliúcháin

Soláthraítear na leideanna seo a leanas chun cuidiú le freagróirí a n-aighneachtaí a ullmhú. Léirítear iontu príomhthéamaí an Pháipéir Saincheisteanna agus na Tuarascála Scóipe MST agus tá sé beartaithe leo freagairtí a threorú ach gan iad a theorannú.

#### Cuid 1: Eolas faoin bPlean

**C1. Ionchur Foriomlán**

An bhfuil moltaí ar bith agat ar cheart d'Uisce Éireann iad a bhreithniú agus *Plean Náisiúnta na nIonad Beaga Cóireála Fuíolluisce: Ag Tacú le Pobail agus ár dTimpeallacht Nádúrtha á Cosaint* á fhorbairt acu?

#### Cuid 2: Príomhcheisteanna agus Raon Feidhme

**C2. Príomhdhúshláin**

An aontaíonn tú leis na príomhcheisteanna atá sainaitheanta sa Pháipéar Saincheisteanna?

- An bhfuil aon saincheisteanna eile ar chóir dúinn a bhreithniú?

**C3. Raon Feidhme an Phlean**

An bhfuil aon tuairimí agat maidir le raon feidhme beartaithe an Phlean, lena n-áirítear:

- Ionaid bheaga cóireála fuíolluisce
- Clúdach geografach
- Cineálacha timpeallachtaí glactha

#### Cuid 3: Ceisteanna Timpeallachta Scóipe MST

**C4.** An bhfuil aon tuairimí agat faoin gcur chuige maidir le Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (MST) SWTPNP *Plean Náisiúnta na nIonad Beaga Cóireála Fuíolluisce: Ag Tacú le Pobail agus ár dTimpeallacht Nádúrtha á Cosaint* á fhorbairt acu?

**C5.** I gCuid 3 den Thuarascáil Scóipe MST, leagtar amach staid na timpeallachta bonnlíne agus na treochtaí amach anseo. Tá achoimre déanta ar na príomhbhreithnithe do mheasúnacht timpeallachta Phlean Náisiúnta na nIonad Beaga Cóireála Fuíolluisce: Ag Tacú le Pobail agus ár dTimpeallacht Nádúrtha á Cosaint agus ar raon feidhme beartaithe na measúnachta i gCuid 3.20 den Thuarascáil Scóipe MST. An bhfuil aon tráchtanna agat maidir leo sin?



**C6.** An bhfuil pleananna, beartais agus cláir ar bith eile nár sainaithníodh i Roinn 4 nó in Aguisín B ar chóir iad a bhreithniú?

**C7.** An bhfuil aon tuairimí agat faoi chur chuige an MST maidir le roghanna malartacha plean a bhreithniú ag an gcéim seo? Má tá, pléigh iad sin, le do thoil, agus tabhair moltaí sonracha le haghaidh athruithe más féidir.

**C8.** An bhfuil pleananna nó cláir bhreise nó shainiúla ar bith ba chóir a chur san áireamh sa mheasúnacht um tionchair charnacha, dar leat?

### C9. Pleananna agus beartais

An bhfuil aon phleananna, beartais nó straitéisí eile ann ba cheart a chur san áireamh?

## Cuid 4: Seachadadh agus Eolas Áitiúil

### C10. Réitigh agus tosaíochtaí

Cad iad na cuir chuige nó réitigh ba cheart a bhreithniú i gcás ionaid bheaga cóireála fuíolluisce?

Cad ba cheart tús áite a thabhairt dó agus riachtanais infheistíochta á sainaithint?

### C11. Ionchur áitiúil

An bhfuil aon tuairimí agat maidir le suíomhanna sonracha, bonneagar nó brúnna timpeallachta ba cheart a bhreithniú?

## Cuid 5: Idirchaidreamh

### C12. Rannpháirtíocht amach anseo

Cén dóigh ar mian leat go rachadh Uisce Éireann i dteagmháil leat de réir mar a rachaidh an Plean ar aghaidh?

## Treoir do Fhreagróirí

Chun tacú le haiseolas eolasach agus úsáideach, b'fhéidir nár mhiste do fhreagróirí na pointí seo a leanas a chur san áireamh agus a n-aighneachtaí á n-ullmhú acu. Cuirtear iad seo ar fáil mar leideanna amháin — ní gá do fhreagróirí gach pointe a phlé.

### C1. Ionchur Foriomlán

B'fhéidir nár mhiste duit smaoineamh ar an méid seo a leanas:

- An cuspóir foriomlán le plean náisiúnta le haghaidh ionaid bheaga cóireála fuíolluisce
- Príomhthosaíochtaí chun seirbhísí fuíolluisce sábháilte, inbhuanaithe agus comhlíontacha a sholáthar
- Deiseanna chun torthaí timpeallachta nó soláthar seirbhíse a fheabhsú

### C2. Príomhdhúshláin agus Príomh-shaincheisteanna

B'fhéidir nár mhiste duit smaoineamh ar an méid seo a leanas:

- Dúshláin reatha maidir le comhlíonadh sna hionaid bheaga cóireála fuíolluisce
- Rioscaí timpeallachta, go háirithe in uiscí glactha íogaire nó atá faoi chosaint
- Srianta oibríochtúla agus cothabhála a bhaineann le sócmhainní beaga agus scaipthe
- Brúnna amach anseo, lena n-áirítear fás daonra agus an t-athrú aeráide
- Aon rioscaí atá ag teacht chun cinn (m.sh. athruithe rialála, éifeachtaí carnacha timpeallachta)

### C3. Raon Feidhme an Phlean

B'fhéidir nár mhiste duit smaoineamh ar an méid seo a leanas:

- An bhfuil an sainmhíniú atá beartaithe ar ionaid bheaga cóireála fuíolluisce oiriúnach
- Ar cheart gach ionad beag a áireamh sa Phlean go náisiúnta nó díriú ar limistéir thosaíochta
- Raon na dtimpeallachtaí glactha (m.sh. aibhneacha, lochanna, uiscí cósta)
- Aon bhreithnithe geografacha nó réigiúnacha sonracha

### C4. Ceisteanna maidir leis an Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (MST)

B'fhéidir nár mhiste duit smaoineamh ar an méid seo a leanas:

- Príomhbhrúnna ar cháilíocht an uisce agus ar an stádas éiceolaíoch
- Tionchair ar bhithéagsúlacht, lena n-áirítear gnáthóga agus speicis faoi chosaint

- Rioscaí maidir leis an athrú aeráide, lena n-áirítear tuilte, triomach agus athléimneacht sócmhainní
- Tionchair charnacha ó sceití beaga iomadúla
- Rioscaí do shláinte an duine nó do shaoráid
- Pleananna náisiúnta nó réigiúnacha ábhartha (m.sh. Pleananna Bainistíochta Abhantraí, Pleananna Forbartha)
- Straitéisí nó beartais earnálacha (m.sh. aeráid, bithéagsúlacht, pleanáil spásúil)
- Aon tionscnaimh áitiúla nó réigiúnacha ba chóir a chur san áireamh
- Ailíniú le cuspóirí beartais um chomhshaol agus bonneagair níos leithne

**C5. Réitigh agus Tosaíochtaí**

B'fhéidir nár mhiste duit smaoineamh ar an méid seo a leanas:

- Cuir chuige iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin in ionaid bheaga cóireála fuíolluisce, amhail:
  - Uasghráduithe nó athsholáthar bonneagair atá ann cheana
  - Cuíchóiriú nó comhdhlúthú ionad
  - Réitigh dhúlrabhunaithe nó ísealfuinnimh
- Conas ba chóir infheistíocht a chur in ord tosaíochta (m.sh. riosca timpeallachta, comhlíonadh, fás)Deiseanna le haghaidh nuálaíochta, éifeachtúlachta, nó bainistíocht fheabhsaithe a shócmhainní



**C6. Eolas agus Ionchur Áitiúil**

B'fhéidir nár mhiste duit smaoineamh ar an méid seo a leanas:

- Suíomhanna nó ceantair ar leith ina bhfuil sceitheadh fuíolluisce ina ábhar imní
- Íogaireacht timpeallachta aitheanta (m.sh. uiscí snámha, uiscí sliogéisc, láithreáin Natura)
- Srianta bonneagair nó fadhbanna acmhainne
- Brúnna forbartha áitiúla nó fás pleanáilte

**C7. Rannpháirtíocht agus Cumarsáid**

B'fhéidir nár mhiste duit smaoineamh ar an méid seo a leanas:

- Modhanna cumarsáide roghnaithe (m.sh. nuashonruithe ar líne, seisiúin eolais, ceardlanna)
- Minicíocht agus leibhéal rannpháirtíochta
- Inrochtaineacht ábhar agus faisnéise comhairliúcháin

# 1.6 Conclúid

Mar achoimre, leagtar amach sa Pháipéar Saincheisteanna seo an fáth a bhfuil cur chuige náisiúnta de dhíth maidir le ionaid bheaga cóireála fuíolluisce, na dúshláin agus na deiseanna lena mbaineann, agus an próiseas atá á leanúint ag Uisce Éireann chun an Plean a fhorbairt. Is é an aidhm bealach níos soiléire, níos comhsheasmhaí agus níos bunaithe ar fhianaise a chruthú chun riachtanais uasghrádaithe a shainaithint, uiscí áitiúla a chosaint agus tacú le fás inbhuanaithe i bpobail níos lú. Cuideoidh an t-aiseolas a gheofar tríd an gcomhairliúchán sin le bonn eolais a chur faoin gcéad chéim eile den obair agus tacóidh sé le forbairt Plean Náisiúnta lena léirítear tosaíochtaí timpeallachta agus riachtanais na bpobal araon.



# Ár n-uisce a chosaint dár dtodhchaí

**Má tá ceist ar bith agat nó má theastaíonn tuilleadh eolais uait, téigh i dteagmháil linn:**

### Teagmháil sonraí

**Gréasán:**
www.water.ie/smallcommunitiesww

**X:**
@IWCare

Plean Náisiúnta na nIonad Beaga Cóireála Fuíolluisce, Ionad Gnó an Chiste Fiontraíochta, Baile Raithin, Leitir Ceanainn, Contae Dhún na nGall, F92 AF43

### Eolas cuntais, fiosruithe, soláthar uisce nó éigeandálaí

**24 uair sa lá, 7 lá sa tseachtain**

**Teileafón:**
0818 778 778 nó +353 1 707 2827

**SATÉ:**
1800 378 378 (do chustaiméirí nach bhfuil an éisteacht go maith acu)

### Sonraí Teagmhála Comhairliúcháin

**24 uair sa lá, 7 lá sa tseachtain**

**Ríomhphost:**
smallcommunitiesww@water.ie

**Suíomh Gréasáin:**
www.water.ie/smallcommunitiesww